**Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 7 Iúil 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato – an Iodáil) – F. Hoffmann-La Roche Ltd, Novartis AG, Novartis Farma SpA, Roche SpA v Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato**

**(Cás C-261/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – An dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE – Oibleagáid ar na Ballstáit leigheasanna a chur ar fáil atá leordhóthanach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais – Airteagal 267 CFAE – Oibleagáid ar an gcúirt a rinne an tarchur lánéifeacht a thabhairt don léirmhíniú ar dhlí an Aontais a tháinig ón gCúirt Bhreithiúnais – Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 47 – Rochtain ar bhinse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí – Breithiúnas ó chúirt náisiúnta deiridh i ndiaidh réamhrialú ón gCúirt Bhreithiúnais – Neamhchomhréireacht a líomhnaítear idir an breithiúnas sin agus léirmhíniú na Cúirte Breithiúnais ar dhlí an Aontais – Reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear cosc ar caingean le haghaidh athbhreithnithe a thionscnamh i leith an bhreithiúnais sin)***

(2022/C 318/21)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Consiglio di Stato

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* F. Hoffmann-La Roche Ltd, Novartis AG, Novartis Farma SpA, Roche SpA

*Cosantóir:* Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato

*Idiragraí:* Società Oftalmologica Italiana (SOI) — Associazione Medici Oculisti Italiani (AMOI), Regione Emilia-Romagna, Regione Lombardia, Altroconsumo, Novartis Farma SpA, Roche SpA, Novartis AG, F. Hoffmann-La Roche Ltd, Associazione Italiana delle Unità Dedicate Autonome Private di Day Surgery e dei Centri di Chirurgia Ambulatoriale (Aiudapds), Coordinamento delle associazioni per la tutela dell'ambiente e dei diritti degli utenti e consumatori (Codacons), Ministero della Salute — Agenzia Italiana del Farmaco

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 4(3) agus Airteagal 19(1) CAE, chomh maith le hAirteagal 267 CFAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn nach gcuirtear bac ar fhorálacha dhlí nós imeachta de chuid Ballstáit a bhfuil sé de fheidhm acu, agus meas á léiriú leo ar phrionsabal na coibhéise, sa chás ina ndéanann Cúirt Uachtarach de chuid chóras riaracháin an Bhallstáit sin cinneadh lena réitítear díospóid ina ndearna an Chúirt sin iarraidh ar réamhrialú a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais faoi Airteagal 267 CFAE, nach féidir leis na páirtithe sa díospóid sin iarraidh ar athbhreithniú ar an gcinneadh sin ón gcúirt náisiúnta ar an bhforas gur thug an chúirt náisiúnta neamhaird ar léirmhíniú na Cúirte Breithiúnais ar dhlí an Aontais, a tugadh mar fhreagra ar an iarraidh ón gCúirt Náisiúnta.

([1]) IO C 263, 05.07.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 7 Iúil 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Korkein oikeus – an Fhionlainn) – Keskinäinen Vakuutusyhtiö Fennia v Koninklijke Philips N.V.**

**(Cás C-264/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 85/374/CEE – Dliteanas i leith táirgí lochtacha – Airteagal 3(1) – An coincheap "táirgeoir" – Aon duine a airbheartaíonn gur táirgeoir é nó í trí a ainm nó a hainm, trádmharc, nó aon sainchomhartha eile a chur ar na hearraí, nó a d'údaraigh iad a chur ar na hearraí)***

(2022/C 318/22)

*Teanga an cháis: an Fhionlainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Korkein oikeus

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Keskinäinen Vakuutusyhtiö Fennia

*Cosantóir:* Koninklijke Philips N.V.

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 3(1) de Threoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha, arna leasú le Treoir 1999/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 1999, a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn nach gceanglaítear leis an gcoincheap “tairgeoir”, dá dtagraítear san fhoráil sin, go n-airbheartaíonn an duine a chuir a ainm nó a hainm, trádmharc, nó aon sainchomhartha eile ar an earra, nó a d’údaraigh iad a chur ar na hearraí,, freisin gur táirgeoir an earra é nó í, ar bhealach éigin eile.

([1]) IO C 278, 12.07.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 7 Iúil 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Tribunal Judicial da Comarca dos Açores – an Phortaingéil) – KU, OP, GC v SATA International – Azores Airlines SA**

**(Cás C-308/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Aeriompar – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí – Eitiltí a chur ar ceal nó moill fhada a chur orthu – Airteagal 5(3) – Díolúine ón oibleagáid chun cúiteamh a íoc – Imthosca eisceachtúla – Easnamh ginearálaithe maidir leis an gchóras lena soláthraítear breosla d’eitleáin ag an aerfort)***

(2022/C 318/23)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Judicial da Comarca dos Açores

**Páirtithe eile sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* KU, OP, GC

*Cosantóir:* SATA International – Azores Airlines SA

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004, lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eiltiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n–aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91, a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn go bhféadfaí, ós rud é go bhfuil aerfort tionscnamh na n-eitiltí nó na n-eitleán atá i gceist freagrach as bainistiú an chórais lena soláthraítear breosla do na heitleáin, easnamh ginearálaithe i soláthair breosla a mheas mar “imthosca eisceachtúil”, de réir bhrí na forála sin.

([1]) IO C 329, 16.08.2021.